# Deontais EFSA
## cad chuige, cad é, CÉN DÓIGH

**Is féidir le EFSA deontais a dhámhachtain ar eagraíochtaí** a ainmníonn a mBallstát chun cuidiú le EFSA lena mhisean agus atá cuimsithe ar liosta Airteagal 36 d'Eagraíochtaí Inniúla. Déantar liosta na n-eagraíochtaí incháilithe ar féidir deontais EFSA a dhámhadh dóibh a nuashonrú go rialta agus tá sonraí ann faoin dóigh ar féidir eagraíochtaí úra a chur ar an liosta ar fáil ag https://www.efsa.europa.eu/en/partnersnetworks/scorg.

Agus iarratas á dhéanamh ag eagraíochtaí ar dheontais EFSA, is féidir leo iarratas a dhéanamh ina n-aonar nó i gcuibhreannas le heagraíochtaí eile de chuid Airteagal 36, mura sonraítear a mhalairt sa ghlao ar thograí. D'fhéadfadh roinnt fochonraitheoireacht a bheith bainteach leis na hiarratais chomh maith, lena n-áirítear le heagraíochtaí nach eagraíochtaí de chuid Airteagal 36 iad faoi choinníollacha áirithe atá sonraithe sa ghlao.

## CAD IAD NA CÚRAIMÍ ATÁ INCHÁILITHE?

Ní féidir ach cúraimí atá sainithe in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2230/2004 agus Airteagal 1, pointe 5e de Rialachán (AE) 2019/1381 a chur ar iontaoibh eagraíochtaí trí chomhaontú deontais chun cuidiú le EFSA lena mhisean.

### TACAÍOCHT I gCOMHAIR MEASÚNÚ RIOSCA

- Soláthar sonraí - bailiú/táirgeadh
- Tacaíocht i gcomhair nuashonraithe/cruthú modheolaíochtaí MR
- Obair ullmhúcháin a mbeidh dréachtú Thuairim Eolaíoch EFSA mar thoradh uirthi

Comhghaol roimhe seo: DEONTAIS SONRACHA; DEONTAIS TÁSCÁLA

### FOTHÚ ACMHAINNEACHTA

- Scaipeadh an dea-chleachtais
- Malartú faisnéise
- Comhroinnt eolais
- Eolas eolaíoch nua a chruthú

Comhghaol roimhe seo: COMHPHÁIRTÍOCHT; COMHALTACHT; TÉAMACH; DEONTAIS POINTÍ FÓCAIS

## MODHANNA UM MAOINIÚ

Tugtar ráta maoinithe níos airde (cómhaoiniú) le haghaidh cúraimí a thacaíonn go díreach le measúnú riosca i gcomparáid le ráta maoinithe níos ísle i leith tionscadal a cheapann an tairbhí. **Is féidir cómhaoiniú suas le 99% ar a mhéad de na costais incháilithe iomlána a sholáthar.** De rogha air sin, d'fhéadfaí costais uile an tionscadail a chlúdach i ndeontais lena n-úsáidtear "Maoiniú nach mbaineann le costais" agus d'fhéadfadh sé go mbeadh brabús don tairbhí mar thoradh air fiú. Sórtáilte thíos de réir éascaíocht na próiseála

| Maoiniú nach mbaineann le costais | Costais aonaid | Cnapshuim | Ráta comhréidh | Meascán d'fhoirmeacha eile | Aisíoc costas a tabhaíodh go iarbhír |
|---|---|---|---|---|---|
| ÉASCA | MEASARTHA | MEASARTHA | MEASARTHA | MEASARTHA | CRUA |

## CONAS A DHÁMHTAR AN DEONTAS?

### GLAO OSCAILTE AR THOGRAÍ

- **Oscailte do gach eagraíocht de chuid airteagal 36** a chomhlíonann na ceanglais sa ghlao ar thograí.

### GAN GLAO AR THOGRAÍ

- Éigeandálaí eisceachtúla a bhfuil bunús cuí leo;
- Eagraíocht ag a bhfuil monaplacht de jure nó de facto;
- Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil tréithe sonracha ag teastáil ina leith cineál eagraíochta mar gheall ar a hinniúlacht theicniúil, ardchéim speisialtóireachta nó cumhachtaí riaracháin.

## CINEÁL COMHAONTAITHE DEONTAIS

### CREAT COMHPHÁIRTÍOCHT COMHAONTÚ

**NÍ hEOL na táirgí insoláthartha** beachta **ná an t-uainiú beacht**

- **Aonair -** Shínigh FPA amháin le tairbhí amháin (eagraíocht aonair nó cuibhreannas).
- **Cascáid -** Shínigh FPAanna in ord rangaithe le tairbhithe éagsúla.

### COMHAONTÚ DÍREACH

**Is eol na táirgí insoláthartha** beachta **& an t-uainiú beacht**

### COMHAONTUITHE SONRACHA

**Is eol na táirgí insoláthartha** beachta **& an t-uainiú beacht**

## CÉ LEIS TÁIRGÍ INSOLÁTHARTHA AN DEONTAIS?

**Nuair is úinéir táirgí insoláthartha é an EFSA** a táirgeadh faoin deontas, féadfaidh EFSA úsáid a bhaint as na táirgí insoláthartha sin gan dul i gcomhairle leis an tairbhí

**Sa chás gurb é an tairbhí úinéir na dtáirgí insoláthartha** a táirgeadh faoin deontas, ní mór dó nó di cead a iarraidh ar EFSA sula bhfoilseofar faisnéis nó sula gcuirfear faisnéis faoin tionscadal in iú

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi rialacha a bhaineann le deontais EFSA, féach Rialachán Airgeadais AE 2018 Teideal VIII agus https://www.efsa.europa.eu/en/calls/art36grants. Dámhann EFSA **conarthaí le haghaidh seirbhísí trí nósanna imeachta soláthair poiblí freisin**. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi rialacha a bhaineann le soláthar EFSA, féach **Rialachán Airgeadais AE 2018, Teideal VII** agus https://www.efsa.europa.eu/en/calls/procurement

Is é EFSA bunchloch mheasúnú riosca an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht bia agus beatha. I ndlúthchomhar le húdaráis náisiúnta i gcomhairle oscailte lena pháirtithe leasmhara, soláthraíonn EFSA an méid seo a leanas comhairle eolaíoch neamhspleách agus cumarsáid shoiléir ar rioscaí atá ann cheana agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

© An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2021. Údaraítear atáirgeadh, seachas chun críocha tráchtála, ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

This document is an unofficial translation of the original document provided by the European Food Safety Authority (EFSA) in English, entitled EFSA grants: why, what, HOW and located at https://www.efsa.europa.eu/en/infographics/efsa-grants-why-what-how. The translation of the original document has been carried out exclusively by DCU Language Services on behalf of the Food Safety Authority of Ireland. EFSA does not accept any liability for mistakes or inaccuracies resulting from the translation process.

Photo credits: Shutterstock

ISBN 978-92-9499-437-0 | 10.2805/655491 | TM-08-22-029-GA-N

Eolaíocht iontaofa le haghaidh bia sábháilte

www.efsa.europa.eu

European Food Safety Authority